



PREASEISIÚINT Uimh. 54/25

Lucsamburg, 29 Aibreán 2025

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-453/23 | Prezydent Miasta Mielca

Státchabhair: soiléiríonn an Chúirt na himthosca ina bhféadfar díolúintí cánach a thoirmeasc le dlí an Aontais

Sa Pholainn, diúltaíodh do chuideachta an díolúine ó cháin mhaoine dá bhforáiltear i gcás ina bhfuil bonneagar iarnróid ar an talamh a cuireadh ar fáil d'iompróirí iarnróid, ar an bhforas go sáródh díolúine den chineál sin dlí an Aontais maidir le Státchabhair. D'fhiafraigh Cúirt Riaracháin Uachtarach na Polainne ar an gCúirt Bhreithiúnais maidir leis an gceist sin. Measann an Chúirt, i bprionsabal, nach ionann díolúine ghinearálta agus theibí, amhail an díolúine dá bhforáiltear le dlí na Polainne, agus Státchabhair toisc nach dtugtar buntáiste roghnaitheach léi. Ní cosúil go mbaineann an díolúine sin le saintréithe sonracha na gcuideachtaí is faighteoirí ná lena ngníomhaíochtaí agus ní cosúil gur cuid de chóras atá idirdheallaitheach go follasach í. Agus é bunaithe ar chritéar neodrach, tá feidhm aige maidir le gníomhaithe éagsúla, lena n-áirítear cuideachtaí de mhéideanna agus d'earnálacha éagsúla chomh maith le heintitis neamheacnamaíocha. Ina theannta sin, tá dhá chuspóir aige: buiséadach agus comhshaoil. Mar sin féin, is faoin gcúirt náisiúnta atá sé a mheas an Státchabhair atá sa scéim díolúine atá i gceist nó nach ea.

Chinn cuideachta Pholannach, ar léi brainse iarnróid áirithe ar a talamh, an brainse sin a chur ar fáil d'iompróirí iarnróid chun tairbhe a bhaint as díolúine ó cháin mhaoine. Chuige sin, d'iarr sí ar an údarás inniúil rialú cánach a dhéanamh lena ndeimhnítear a ceart chun na díolúine sin.

Cé gur chomhlíon an chuideachta na coinníollacha go léir a leagtar síos le dlí na Polainne, diúltaíodh don díolúine ar an bhforas, faoi dhlí an Aontais, gurbh ionann í agus Státchabhair neamhdhleathach toisc nár tugadh fógra ina leith don Choimisiún roimh ré.

Déanann an chuideachta agóid i gcoinne an diúltaithe sin os comhair chúirteanna na Polainne. Agus amhras uirthi an féidir an díolúine sin ó cháin mhaoine a aicmiú mar Státchabhair faoi dhlí an Aontais ¹, chuir Cúirt Uachtarach Riaracháin na Polainne an cheist faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais. Is mian léi a fháil amach an dtugann an díolúine sin buntáiste roghnaitheach dá thairbhíthe agus an ndéanann sí iomaíocht a shaobhadh nó an bhfuil baol ann go ndéanfar a leithéid.

De réir na Cúirte, **ní cosúil go dtugann an díolúine ó cháin mhaoine atá i gceist buntáiste roghnaitheach agus, dá bhrí sin, ní cosúil gur Státchabhair atá inti. Mar sin féin, is faoin gcúirt náisiúnta atá sé rialú críochnaitheach a thabhairt ina leith sin.**

Ina hanailís, leanann an Chúirt ar aghaidh leis an toimhde gurb ionann córas dlí na cánach maoine, dá bhforáiltear le dlí na Polainne, agus an 'gnáthchóras' cánach, a ndéantar measúnú ar roghnaíocht fhéideartha na díolúine ina fhianaise. Tá feidhm ag an gcóras sin maidir le gach úinéir nó sealbhóir maoine dochorraithe agus sainmhínítear ann comhghnéithe na cánach maoine, lena n-áirítear an díolúine atá i gceist.

Ní féidir, i bprionsabal, díolúine ghinearálta agus theibí ó cháin dhíreach, amhail an díolúine arna bunú le dlí na Polainne, **a mheas mar Státchabhair**. Ós rud é go dtoimhdítear go bhfuil sé ina dhlúthchuid den 'gnáthchóras' cánach, ní thugtar buntáiste roghnaitheach leis, mar riail ghinearálta.

Mar sin féin, tá dhá chás ann ina bhféadfadh díolúine den sórt sin a bheith roghnaitheach. Ar an gcéad dul síos, i gcás ina bhfuil an díolúine sin mar chuid de chóras cánach atá cumraithe de réir paraiméadair atá idirdhealaitheach go follasach. Ar an dara dul síos, i gcás ina mbaineann na coinníollacha a leagtar síos leis an reachtaíocht ábhartha chun tairbhe a bhaint as an díolúine sin le ceann amháin nó níos mó de shaintréithe sonracha na gcuideachtaí is faighteoirí, agus na saintréithe sin nasctha go dlúth le cineál na gcuideachtaí sin nó lena ngníomhaíochtaí, agus mar thoradh air sin gur catagóir chomhleanúnach iad na cuideachtaí sin.

Sa chás seo, tugtar an díolúine atá i gceist do dhaoine inchánach ar choinníoll go bhfuil acu, *inter alia*, talamh atá mar chuid den bhonneagar iarnróid, a chuirtear ar fáil d'iompróirí iarnróid. Faoi réir fíorú ag an gcúirt náisiúnta, **is cosúil, dá bhrí sin, nach mbaineann an coinníoll sin, ó thaobh an dlí nó na fíorais de, le saintréithe sonracha na gcuideachtaí a bhaineann tairbhe as an díolúine sin.** Is cosúil freisin nach bhfuil sé mar chuid de chóras cánach atá cumraithe de réir paraiméadair atá idirdhealaitheach go follasach.

Dá bhrí sin, is cosúil go bhfuil an díolúine sin ar fáil do ghrúpa ilchineálach tairbhíthe, lena n-áirítear oibreoirí neamheacnamaíocha agus cuideachtaí a bhfuil raon leathan méideanna agus earnálacha acu. **Ní leor an fhíríc nach bhféadfaidh ach cuideachtaí a chomhlíonann na coinníollacha le haghaidh díolúine tairbhe a bhaint as an díolúine sin chun a mheas go bhfuil sé roghnaitheach.**

Ina theannta sin, leis an díolúine thuasluaite, saothraítear ní hamháin cuspóir buiséadach ach cuspóir comhshaoil freisin, lena spreagtar athshlánú línte iarnróid as úsáid agus úsáid an iompair sin. I gcomhthéacs a neamhspleáchais fhioscaigh, féadfaidh Ballstát, trí chánachas díreach, cuspóir amháin eile nó níos mó a shaothrú go dlisteanach, sa bhreis ar chuspóir buiséadach amháin, arb ionann iad, más iomchuí, agus cuspóir an chreata tagartha ábhartha.

Mar sin féin, má chineann an chúirt náisiúnta go dtugtar buntáiste roghnaitheach leis an díolúine atá i gceist, ní mór a scrúdú ansin, ag féachaint dá saintréithe ginearálta, an saobhann sí an iomaíocht nó an bhfuil baol ann go saobhfaidh sí an iomaíocht. Maidir leis an bpointe sin, cuireann an Chúirt in iúl go ndéantar, i bprionsabal, na coinníollacha iomaíochta a shaobhadh trí chuideachta a scaoileadh ó na costais a bheadh uirthi de ghnáth a íoc, in earnáil eacnamaíoch a léirscaoileadh ar leibhéal an Aontais.

NÓTA: Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léiriú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid an Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear [an téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre](#) an bhreithiúnais ar shuíomh gréasáin CURIA ar lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques René Zammit ☎ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar [‘Europe by Satellite’](#) ☎ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!



¹ Airteagal 107(1) CFAE.